**Nósanna imeachta maidir le maoirseacht ar maidin agus le linn sosanna.**

Scaoiltear na páistí isteach sa halla ar maidin ó 08:40 ar aghaidh de réir mar a thagann siad ar scoil. Déanann múinteoirí agus CRS (Cúntóirí Riachtanais Speisialta) feitheoireacht orthu suas go dtí 08:50 agus iad ina ngrúpaí ranga. Ag 08:50 seasann na páistí i línte ranga, ciúnaíonn siad agus siúlann siad go dtí a gcuid seomraí ranga.

Bíonn feitheoireacht ar siúl ag sosanna freisin. Itheann na páistí a lóin ar dtús ag am lóin bhig ag 10:50 agus bíonn beirt mhúinteoir ag feitheoireacht thuas staighre agus beirt eile thíos staighre ag an am seo. Fanann na CRS sna ranganna don tréimhse seo.

Tugann Rang 6 cúnamh sna bunranganna agus na páistí ag ithe lóin. I gcás Rang 6 gan a bheith ar fáil, cuidíonn Rang 5/4 leis na lóin.

Ar lá fliuch, fanann na páistí ina gcuid seomraí ranga agus an maoirseacht seo ar bun.
Ar lá tirim, téann na páistí amach sa chlós ag 10:57 agus bíonn ceathrar múinteoir agus na CRS ar dualgas feitheoireachta. Bíonn áit ar leith le maoirsiú ag gach duine de na muinteoirí agus ag na CRS. Filleann na páistí ar a seomraí ranga ag deireadh an tsosa ag 11:05.

Ag am lóin mhóir, téann na páistí amach sa chlós ag 12:35. Bíonn an mhaoirseacht chéanna agus atá thuas luaite ar bhun. Bíonn duine den cheathrar múinteoirí ar *dualgas timpistí* ag na sosanna seo freisin. Tugann an duine seo aire do pháistí i gcásanna iad a bheith gortaithe nó a bheith tinn.Tagann na páistí go léir isteach ón gclós ina ngrúpaí ranga ag 13:00 agus filleann siad ar a seomraí ranga.

Bíonn príomhgheataí na scoile dúnta nuair a bhíonn na páistí sa chlós ag an dá shos.

**Procedures relating to supervision before school and at breaks**

*Children are admitted to the halla in the morning from 8.40 onwards. They are supervised by staff and SNAs (Special Needs Assistants) in the halla until 8.50 in their class groupings. At 8.50 the children settle into their allocated class lines and walk quietly to their classrooms.*

*Supervision is provided at break times as well. The children eat their lunch in classroom at 10.50 with two members of staff supervising upstairs and two others on the ground floor at this time. The SNAs remain in their allocated classrooms whilst the children are eating.*

*Rang 6 help out with the junior classes, at the lunch period in the classrooms. If Rang 6 is not available, Rang 5/4 help out instead with the lunch.*

*On days when there is inclement weather, the children remain in their classrooms with the above supervision in place. On all other days the children go out to the schoolyard at 10.57 and four teachers and all of the SNAs supervise. Each member of staff has an allocated area to supervise. The children return to their classrooms at the end of the break at 11.05.*

*At the longer break the children go to the schoolyard at 12.35. The above supervision applies again and one of the four teachers on duty attends to accidents/first aid during the breaks. This teacher also attends to children who become ill whilst playing outside. At the end of all breaks in the schoolyard the children line up in their class groups at 13.00 and return quietly to class.*
*The main gates of the school are closed whilst the children are in the school yard at both breaks.*